**Móirín**

Bhí rí ann fadó agus rí cumhachtach saibhir ab ea é. Bhí sé pósta le bean óg uasal go raibh mórán saibhris aici. Bhí aon iníon amháin acu agus bhíodar ana-cheanúil uirthi. Móirín ab ainm di.

Bhí an páiste seacht mbliana d'aois nuair a fuair a máthair bás. Bhí an leanbh go brónach i ndiaidh a máthar. Ach, aon tráthnóna amháin i gceann cúpla lá, bhí sí ina seasamh sa doras nuair a chonaic sí chuici caitín gleoite glas agus gach aon mhí-amha aige.

“Mo ghreidhin tú, a chaitín” ar sise “nach deas an caitín tú! Nach trua ná fanfá agamsa mar pheata.”



Níor fhág an caitín a taobh as san amach agus d 'éirigh Móirín ana-cheanúil air. Ní raibh aon áit go dtéadh an páiste ná bíodh an caitín in éineacht léi.

D'imigh na blianta thart agus phós an rí baintreach a raibh beirt iníon aici féin. Má dhein, bhí saol cruaidh i ndán do Mhóirín, toisc nach raibh aon mheas ag an leasmháthair ná ag na leasiníonacha ar an ndílleachtaí; agus toisc go mbíodh uirthi gach rud a dhéanamh dóibh.

Ach, bhí rí i gCúige Chonnacht ag an am seo, agus bhí an t-aon mhac amháin a bhí aige ag cuimhneamh ar phósadh. Theastaigh uaidh rogha a bhaint as mná óga na cúige. Cuireadh fógra amach go raibh fleá le bheith ar siúl i gcúirt an rí agus fuair gach duine gur mian leo dul ann cuireadh, go mór mhór na mná óga uaisle. Fuair beirt leasiníon an rí cuireadh chomh maith le cách is bhí Móirín go cúramach a' fáil gach ní ullamh dóibh don bhféasta.

Bhí an oíche tagtha agus iad ullamh chun dul go cúirt a' rí. D'fhéach Móirín ina diaidh agus iad a' fágaint an tí.

“Mo bhrón,” ar sise, “mise i gcúinne na luatha agus clann mo leasmháthar ina gcóiste órnáideach.”

Shuigh sí síos agus bhí sí a' gol go dubhach nuair a bhuail an caitín chuici an t-urlár aníos.

“Éirigh id shuí, a stóirín,” arsa an caitín, “agus téanam liom amach go dtí an gairdín. Seo slaitín draíochta duit agus buail buille beag do ar chrann beithe agus tiocfaidh chugat amach each caol donn agus culaith bhreá éadaigh.”

An Cúntóir Teanga
www.ancuntoir.ie

Rug Móirín ar an tslaitín draíochta agus bhuail buille beag den tslat ar an gcrann. Siúd amach each caol donn féna shrian agus iallait óir ghreanta, agus culaith aoibhinn éadaigh a bhí ag glioscarnaigh ar nós an airgid ghil. Mar bharr ar an scéal bhí péire bróg gloine ann chomh maith.

“Cuir ort suas an t-éadach sin anois, a dhalta,” arsa an caitín “agus téir ag marcaíocht ar an gcapall agus béarfaidh sé leis tú go cúirt an rí. Dein do chuileachta ann chomh maith agus is féidir leat, ach ná fan neomat thar a dó dhéag. Dein rud orm, imigh anois agus bua leat!”

D’imigh Móirín agus í ina banríon amach agus amach, agus níor dhein sí aon stad nó gur bhain sí cúirt an rí amach. Chonaic an lucht faire an ríon uasal ag teacht agus bhí iontas mór orthu ná facadar a leithéid d’óigbhean riamh roimhe sin. Chuaigh duine acu go dtí mac an rí.

“A mhic an rí,” ar seisean, “tá ríon óg uasal ag an ngeata is go deimhin do bhain a háilleacht mo mheabhair díom.”

Chuaigh mac an rí go dtí an ngeata agus thug an ríon leis isteach sa rítheaghlach agus bhí gach éinne dá raibh ann ag féachaint uirthi. Bhí ceol agus caitheamh aimsire agus cuileachta acu i dteannta chéile, nó go raibh sé buailte lena dó dhéag a chlog. Ghabh sí buíochas le mac an rí agus dúirt sí leis go gcaithfeadh sí féin a bheith ag imeacht anois. Is é a bhí go brónach, ní nach ionadh. Thionnlacaigh sé í go dtí an ngeata. D’fhág sí slán aige agus as go brách léi. Ní mór an mhoill a bhí an t-each donn á tabhairt abhaile. Is beag an chuileachta a bhain mac a’ rí den gcuid eile den oíche.

Tháinig na leasdeirféaracha abhaile, agus bhíodar ag insint do Mhóirín i dtaobh na hoíche agus dúradar léi ná raibh aon ní ba mhó ná b’iontaí ná an ríon uasal thar na bearta a tháinig go dtí an gcúirt.

“Ó”, arsa Móirín, “ar aithiníobhair í?”

“Níor dh’aithníomair” ar siad, “agus is dóigh linn nár aithin éinne dá raibh sa tigh í. Pé scéal é,” ar siad, “bhí mac an rí go hana-mhór léi. Ba chuma leis aon ní mar gheall ar éinne eile ach í.”

“Mhuise mo thrua é,” arsa Móirín, “n’fheadar an mbeidh an féasta aon oíche eile ann?” ar sise.

“Is dóigh linn go mbeidh, mar ba mhaith le mac an rí an bhean óg d’fheiscint aríst.”

“Nach trua chráite,” arsa Móirín, “nach féidir liomsa dul ann.”

“Ó, tá cúram agat ann,” arsa na deirfiúracha léi.

Tháinig tráthnóna amárach, agus tháinig an caitín ag cur cóir ar Mhóirín chun dul go dtí tigh an rí. Bhí an oíche go compordach aici agus í suite i dteannta mhac a' rí go dtí an t-am céanna, agus ghabh sí leathscéal leis an gcuideachtain agus d'fhág an chúirt.



Ach an tríú hoíche bhí sé beartaithe ina aigne ag mac an rí gan í ligint uaidh an oíche sin gan fhios a bheith aige cad as í nó cér díobh í. Nuair a bhí sé ana-bhuailte lena dó dhéag bhí imní ar Mhóirín ar eagla go mbeadh an t-am caite. Bhí mac an rí ag faire ag an ngeata is le linn di a bheith ag marcaíocht thairis ar an each donn, thug sé snap ar an mbróig a bhí ar a cois, agus d'fhág sí 'na diaidh í agus d'imigh sí léi. Is é a bhí go sásta an tseoid a bheith aige.

Chuir mac an rí gairm scoile amach láithreach ná beadh aon bhean go deo aige ach an bhean a rúnódh an bhróig a bhí aige í. Nuair a chuaigh an scéal amach, sin í an uair a bhí an phramsáil ag na mná óga féachaint cé acu a mbeadh an t-ádh uirthi. Ach bhí an scéal fuar acu is ní rúnaigh sé éinne.

Tháinig an prionsa go dtí tigh Mhóirín. Nuair a chonaic na leasdeirféaracha mac an rí ag teacht, chuireadar Móirín fé bhéal chómhrann ana-mhór a bhí sa chistin ar eagla go mbeadh sé de mhí-ádh uirthi gur di a rúnódh an bhróig. Thriaileadar orthu an bhróig, ach níorbh aon mhaith dóibh é.

Lena linn sin, léim an caitín in airde ar an gcómhra is thosnaigh sé ag meabhlaigh is ag scríobadh. Shamhlaigh sé do mhac an rí gurbh é glór a bhí sa mheabhlaigh ná:

"Móirín, Móirín, fé bhéal chómhrann, is go rúnódh an bhróigín í."

D'fhéach mac an rí faoin gcómhrainn agus fuair sé an créatúirín bocht agus í leathmhúctha.

"Cuir ort an bhróig seo, "ar seisean.

Rug sí ar an mbróigín ghloine agus chuaigh sí ar a cois gan mórán trioblóide.

"Is tusa mo ghrá is mo chéile" ar seisean.

Thóg sé leis í, agus stad níor dheineadar nó go dtí gur bhaineadar a chúirt féin amach.

I gceann beagán aimsire pósadh iad agus mhaireadar go sásta agus go compórdach as sin amach.